Plean Oidhreachta Chontae Longfoirt 2004 – 2009

Plean Páirtíochta Oidhreachta do Chontae Longfoirt, arna ullmhú ag Fóram Oidhreachta Chontae Longfoirt

Is é is aidhm don Phlean Oidhreachta ná: ár n-oidhreacht a bheith mar chuid de shaol gach duine

Is mian le Comhairle Chontae Longfoirt agus le Fóram Oidhreachta Chontae Longfoirt aitheantas a thabhairt do ról na Comhairle Oidhreachta i dtionscaint Phlean Oidhreachta Chontae Longfoirt i gcomhar le Comhairle Chontae Longfoirt.

Is mór ag an bhFóram, ach go háirithe, tacaíocht na Comhairle Oidhreachta, maidir le maoiniú a dhéanamh, i gcomhar le Comhairle Chontae Longfoirt, ar phost mar Oifigeach Oidhreachta.

Tuilleadh eolais:
An tOifigeach Oidhreachta
Comhairle Chontae Longfoirt
Áras an Chontae
An Longfort

rphost: heritage@longfordcoco.ie

© Fóram Oidhreachta Chontae Longfoirt
Grianghrafanna: an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil , John Matthews agus Lisa Henry

Clár an Ábhair

Brollach 4

Réamhrá 5

Cuspóirí agus Gníomhartha 7

Ráiteas Straitéise 15

Aguisíní

- Próiseas an Phlean Oidhreachta 16
- Comhaltaí Fhóram Oidhreachta Chontae Longfoirt 18
- Comhairliúchán Poiblí 22
- Reachtaíocht Oidhreachta A Bhaineann Le h Ábhar 25

Brollach

Teachtaireacht ón Méara

Mar Mhéara ar Chomhairle Chontae Longfoirt, tá áthas orm baint a bheith agam leis an gcéad phlean oidhreachta riamh do Chontae Longfoirt a fhoilsiú.

Creat mionsonraithe is ea Plean Oidhreachta 2004-2009 Chontae Longfoirt ina ndéantar soláthar do ghníomhartha bunaithe ar an bpáirtíocht chun aire a thabhairt dár n-oidhreacht agus í a bhainistiú thar an tréimhse 5 bliain seo romhainn. Cáipéis oibre í seo, ina leagtar amach cuspóirí agus gníomhartha réadúla indéanta ag eascairt as comhairliúchán fadréimhseach poiblí, maidir le hoidhreacht Longfoirt.

Tréaslaím d'Fhóram Oidhreachta Chontae Longfoirt a ndúthracht agus a gcuid oibre crua, maidir le Plean Oidhreachta 2004-2009 Chontae Longfoirt a fhorbairt, agus do gach duine a chuir am agus fuinneamh isteach i bhforbairt an chreata seo.

Is mian liom, thar ceann Chomhairle Chontae Longfoirt, gach rath a ghuí ar Phlean Oidhreachta 2004-2009 Chontae Longfoirt, agus táim ag dúil go mór lena chur i bhfeidhm agus le caomhnú oidhreacht Longfoirt dá bharr.

An Clr. Maura Kilbride-Harkin
Méara Comhairle Chontae Longfoirt

Teachtaireacht ón mBainisteoir Contae

Tá áthas orm teacht le fáilte an Mhéara roimh fhoilsiú phlean oidhreachta Chontae Longfoirt. Oidhreacht shaibhir ilghnéitheach is ea oidhreacht Chontae Longfoirt, a chuimsíonn tírdhreach, uiscebhealaí, béaloideas, ceol, ailtireacht seandálaíocht agus fiadhúlra an chontae. B'as na nithe sin a fuineadh carachtar uathúil an chontae, agus is iad a thugann 'aireachtáil áite' dár gcuid bailte, sráidbhailte agus áiteanna eile.

Tugtar aitheantas taobh istigh de straitéis 10 bliain Chomhairle Chontae Longfoirt um an bhForbairt Gheilleagrach, Shóisialta agus Chultúrtha. Leagtar béim sa straitéis sin ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm Phlean Oidhreachta 2004-2009 Chontae Longfoirt mar chuspóir tábhachtach. Soláthraítear i bPlean Oidhreachta 2004-2009 Chontae Longfoirt creat maidir le forbairt straitéiseach oidhreacht an chontae sna cúig bhliain seo romhainn. Is ionann foilsiú an phlean agus an chéad chéim de phróiseas le cur le tuiscint, le bainistiú agus le caomhnú na hoidhreachta i Longfort.

Tá an cháipéis seo ina toradh ar phróiseas fada comhairliúcháin le daoine aonair agus le grúpaí ar fud an chontae. Ba mhaith liom an deis seo a thapú buíochas a ghabháil leis an gClr. Alan Mitchell, Cathaoirleach, agus le comhaltaí uile Fhóram Oidhreachta Chontae Longfoirt, as ucht a ndílseachta agus a bhfuinnimh i bhforbairt an phlean seo, agus leis na daoine, na grúpaí agus na heagraíochtaí as aighneachtaí a chur isteach agus as freastal ar chruinnithe comhairliúcháin phoiblí.

Agus sinn ag pleanáil don am atá romhainn, ní mór dúinn a bheith ag ullmhú do bhainistiú ár n-oidhreachta. Rinne Comhairle Chontae Longfoirt, i bpáirt leis an bhFóram Oidhreachta, Oifigeach Oidhreachta a cheapadh go lánaimseartha chun maoirseacht a dhéanamh ar sheachadadh Phlean Oidhreachta 2004-2009 Chontae Longfoirt.

Is mian liom gach rath a ghuí ar an Oifigeach Oidhreachta agus ar Fhóram Oidhreachta Chontae Longfoirt, maidir leis an bplean oidhreachta seo a chur i bhfeidhm sna 5 bliain seo romhainn.

Michael Killeen
Bainisteoir Contae Comhairle Chontae Longfoirt

Réamhrá

Tá ár n-oidhreacht inár dtimpeall. Cuimsíonn sí ár dtírdhreacha, ár dtaobh tíre, ár n-aibhneacha, ár lochanna, ár láithreáin seandálaíochta, ár bhfoirgintí, ár stair, ár dteanga agus ár gcultur. Áiteanna ar leith is ea ár mbailte, ár sráidbhailte agus ár bparóistí de bhua na hoidhreachta sin. Is í an oidhreacht a thugann a féiniúlacht féin, a carachtar féin agus a sainiúlacht féin do gach áit. Ina theannta sin, déantar gnéithe áirithe dár n-oidhreacht áitiúil a chosaint faoi reachtaíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta, mar gheall ar an tábhacht réigiúnta, náisiúnta nó idirnáisiúnta a ghabann leo. Agus sinn ag pleanáil dár dtodhchaí, is gá dúinn pleanáil do thodhchaí ár n-oidhreachta. Cinnteoidh sé sin go gcoimeádfar, san am atá le teacht, na gnéithe is fearr dár n-oidhreacht, a chuireann feabhas ar ár bpobail agus a chuireann le saibhreas ár saoil. Agus é sin á dhéanamh againn, cinnteoimid gur áiteanna maithe ár gceantair áitiúla agus ár bpobail, dóibh siúd a bhíonn ag maireachtaint iontu, ag obair iontu agus ag tabhairt cuairt orthu.

Thug an Rialtas aitheantas do thábhacht ár n-oidhreachta nuair a foilsíodh an Plean Náisiúnta Oidhreachta in Aibreán 2002. Aithnítear sa Phlean sin gur cuid riachtanach de chothabháil caighdeán maith saoil caomhnú agus bainistiú ár n-oidhreachta, agus aithnítear ann, leis, go bhfuil tábhacht gheilleagrach ag baint lenár n-oidhreacht, go háirithe mar thaca le tionscal na turasóireachta. Sa Phlean Náisiúnta Oidhreachta, tá cur síos ar fhís, maidir le caomhnú agus le bainistiú oidhreachta sna 5 bliain seo romhainn. Cuid thábhachtach den Phlean is ea glao chun Pleananna Áitiúla Oidhreachta a ullmhú ar leibhéil na gContaetha agus na gCathracha. Déantar soláthar faoin Phlean, chomh maith, maidir le maoiniú chun Pleananna Áitiúla Oidhreachta a chur i bhfeidhm.

Le foirmliú Phlean Oidhreachta Chontae Longfoirt, táimid ar thús cadhnaíochta sa tír, maidir le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin sa Phlean Náisiúnta Oidhreachta. Tá an Plean arna fhoirmliú ag Fóram Oidhreachta an Chontae, mar ghrúpa curtha ar bun ag an gComhairle Chontae chun comhairle a sholáthar, maidir le Plean Oidhreachta an Chontae a ullmhú agus a chur i bhfeidhm. Páirtíocht atá san Fhóram, ina dtugtar le chéile na himreoirí ar fad a bhaineann le hábhar agus atá ionadaíoch ar Rialtas Áitiúil, ar Ranna agus ar Ghníomhaireachtaí Rialtais, ar Ghrúpaí Pobail agus Oidhreachta, ar na hEarnálacha um Fhorbairt Áitiúil, Gnó Áitiúil agus Feirmeoireacht. Seo an chéad uair riamh gur tháinig na dreamanna leasmhara sin ar fad le chéile ar an dóigh seo chun plean gníomh a fhorbairt, maidir le hoidhreacht an chontae.

Agus an Plean á fhoirmliú, chuir an Fóram san áireamh san iomlán Spriocanna, Cuspóirí agus Gníomhartha ábhartha Bhord Forbartha an Chontae, mar a leagadh síos ina Straitéis 10 bliain "An Bealach Romhainn". Is é Bord Forbartha an Chontae an t-eagraíocht reachtúil atá freagrach as comhtháthú agus comhordú a dhéanamh ar sholáthar áitiúil seirbhísí agus as Plean Oidhreachta an Chontae a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, rud a chomhlíonann ceann de Chuspóirí Straitéis an Chontae. Chuir an Fóram Oidhreachta comhairliúchán leathan ar bun, chomh maith, maidir le hullmhú an Phlean. Mar thoradh ar chuireadh a chuaigh amach i gcomhair aighneachtaí i bhfómhar na bliana 2002, tháinig dhá scór freagra isteach ó dhaoine agus ó eagraíochtaí le spéis san ábhar sa chontae féin

agus lasmuigh de (féach Aguisín 3). Bhí na ceisteanna a ardaíodh sna haighneachtaí sin mar bhonn le hobair an Fhóraim agus an Plean Oidhreachta á ullmhú.

Tá na gníomhartha sa Phlean Oidhreachta dírithe ar a chinntiú go mbíonn an oidhreacht ina cuid de shaol gach duine i gContae Longfoirt. Tugtar aghaidh sna gníomhartha sin ar chúig téamaí nó ar chúig Cuspóirí leathana. Is iad sin:

1. Ár n-oidhreacht seandálaíochta agus ailtireachta a chosaint agus a fheabhsú
2. Suim a spreagadh i gcultúr an chontae, agus bród as
3. Clár um oideachas agus feasacht oidhreachta a fhorbairt
4. Eolas oidhreachta a sholáthar do chách
5. An oidhreacht nádúrtha a chosaint agus a fheabhsú

Féachtar sa Phlean le tógáil ar obair na ngníomaireachtaí, na n-eagraíochtaí agus na ndaoine ar fad atá ar siúl sa chontae cheana féin agus le cur léi, trí aghaidh a thabhairt go sainiúil ar cheisteanna oidhreachta agus ar riachtanais oidhreachta ar an leibhéal áitiúil, mar thosaíochtaí chun gnímh. Is cuid thábhachtach de sin a riachtanaí is atá sé eolas a sholáthar agus cur le tuiscint agus le meas sa phobal uile. Is rómhinic sinn neamheolach ar shaibhreas na hoidhreachta ar leic an tairsigh againn.

Gníomhartha réadúla a leagtar síos sa Phlean, ar féidir iad a chur i gcrích sna 5 bliain seo romhainn. Déanfar clár oibre a aithint in aghaidh na bliana, maidir leis na gníomhartha atá le haithint, le costasú agus le cur i gcrích, i gcomhthéacs na n-acmhainní agus an tsaineolais a bhíonn ar fáil. Ceann de na príomhaidhmeanna sa Phlean Oidhreachta is ea tacaíocht do phobail áitiúla, maidir le cúram a ghlacadh dá n-oidhreacht. Bhí baint ag ionadaithe áitiúla oidhreachta agus pobail le forbairt an Phlean, agus tá a dtacaíocht siúd agus a rannpháirtíocht den riachtanas, má tá an Plean le cur i bhfeidhm go sásúil. Táthar ag súil, ach go háirithe, go mbeidh grúpaí áitiúla agus eagraíochtaí áitiúla ina bpáirtithe gníomhacha, maidir le cuid mhór de ghníomhartha an Phlean a chur i bhfeidhm. Déanfaidh an Fóram Oidhreachta monatóireacht ar dhul chun cinn, maidir leis an bPlean a chur i bhfeidhm, agus úsáidfear cruinnithe poiblí, seimineáir agus na meáin chun tusa a choinneáil ar an eolas, maidir leis an dul chun cinn.

Tús, seachas críoch, atá i bhfoilsiú Phlean Oidhreachta Chontae Longfoirt. Aithnítear sa Phlean ár gcuspóirí i gcoitinne, leagtar síos ann na gníomhartha lena gcur i gcrích agus soláthraítear ann áis chun dul chun cinn ina leith sin a mheasúnú. Beidh comhar agus rannpháirtíocht gach duine riachtanacht san obair atá romhainn, chun an Plean a chur i bhfeidhm.

Cuspóir 1: To Ár n-oidhreacht seandálaíochta agus ailtireachta a chosaint agus a fheabhsú

	GNÍOMHARTHA	PÁIRTITHE MOLTA
1.1	Tacaíocht agus treoir a thabhairt do phobail áitiúla a dteastaíonn uathu cúram a thabhairt do agus cothabháil a dhéanamh ar fhoirgintí agus ar láithreáin oidhreachta a gceantar féin	Comhairle Chontae Longfoirt An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil An Chomhairle Oidhreachta Cumann Lucht Tráchtála
1.2	Tráthnóintí seimineár/faisnéise a reáchtáil maidir le cúram agus cothabháil reiligí agus leis an oidhreacht thógtha	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil Comhairle Chontae Longfoirt An Chomhairle Oidhreachta
1.3	Fardal reiligí agus scéim léirmhínithe a phíolótú sa Chontae	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil Comhairle Chontae Longfoirt An Chomhairle Oidhreachta
1.4	Tacú le Fardal Seandálaíochta Chontae Longfoirt a fhoilsiú	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil
1.5	Fardal a choimisiúnú ina mbeidh mionsonraídéantúsán ó Chontae Longfoirt in Iarsmalann Náisiúnta na hÉireann agus i stóir eile	Iarsmalann Náisiúnta na hÉireann Comhairle Chontae Longfoirt
1.6	Réthreoir a fhoilsiú, maidir le (cuid de na) hiarsmaí seandálaíochta i gContae Longfoirt	Comhairle Chontae Longfoirt An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil Acmhainní Pobail Longfoirt Teo. Cumann Staire Longfoirt
1.7	Réthreoir a fhoilsiú, maidir le gnéithe seandálaíochta ceantar éagsúla sa chontae, mar shampla, an Gránard agus Tuaisceart Longfoirt: Ceantar na Sionainnne	Comhairle Chontae Longfoirt An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil Acmhainní Pobail Longfoirt Teo.
1.8	Tacadh le seandálaí réigiúnda a cheapadh, faoi réir ag an bPlean Náisiúnta Oidhreachta	Comhairle Chontae Longfoirt
1.9	Suirbhé a chur ar siúl, maidir le foirgintí sa chontae atá ina ndíol spéise, ó thaobh ailtireachta nó staire de	Comhairle Chontae Longfoirt An Chomhairle Oidhreachta Cumann Seoirseach na hÉireann An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil
1.10	An Taifead ar Dhéanmhais Chosanta (RPS) a athbhreithniú chomh luath agus is féidir	Comhairle Chontae Longfoirt
1.11	Tacú le hOifigeach Caomhnaithe a cheapadh chun comhairle agus treoir ghairmiúil a sholáthar don Chomhairle Chontae, do shealbhóirí déanmhas cosanta agus do dhaoine agus eagraíochtaí le spéis san ábhar	Comhairle Chontae Longfoirt An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil
1.12	Iarraidh ar Chomhairle Chontae Longfoirt cuid de na táillí forbartha a úsáid do chúrsaí caomhnaithe sa Chontae	Comhairle Chontae Longfoirt
1.13	Treoirlínte um dhearadh/ábhar tógála agus lonnú foirgintí bailte agus tuaithe a spreagfaidh scothdhearadh nuálach	Comhairle Chontae Longfoirt

1.14	Féachaint chuige go gcuirtear cúrsaí áitiúla oidhreachta san áireamh go hiomlán i bPleananna Ceantar Áitiúla agus i Ráitis um Polasaí Sráidbhailte	Comhairle Chontae Longfoirt An Chomhairle Oidhreachta Cumann Lucht Tráchtála
1.15	Tacú le Ceantair Chaomhnaithe Ailtireachta a thionscain sa chontae	Comhairle Chontae Longfoirt Cumann Lucht Tráchtála
1.16	Treoir a chur ar fhorbróirí, ar fhoirne údarás poiblí agus ar an bpobal, maidir le hainmneacha a chur ar fhorbairtí nua	Comhairle Chontae Longfoirt Cumann Lucht Tráchtála
1.17	Clár comharthaíochta as Gaeilge agus go dátheangach a thionscain, maidir le héadain siopaí i mbailte agus i sráidbhailte an chontae	Comhairle Chontae Longfoirt Acmhainní Pobail Longfoirt Teo.
1.18	Fardal a thiomsú maidir le a) foirgintí atá luachmhar ó thaobh na hailtireachta, b) séipéil agus c) reiligí i seilbh údarás áitiúla, agus grúpa comhairlitheach intí a bhunú, a bheidh i mbun a mbainistithe agus a gcothabhála	Comhairle Chontae Longfoirt
1.19	Painéal saineolaithe um an oidhreacht áitiúil a bhunú, chun comhairle a chur ar Chomhairle Chontae Longfoirt, maidir le hainmneacha ar fhorbairtí nua	Comhairle Chontae Longfoirt Cumann Staire Longfoirt

Cuspóir 2: Suim a spreagadh i gcultúr an chontae, agus bród as

	GNÍOMHARTHA	PÁIRTITHE MOLTA
2.1	Iarsmalann Contae a fhorbairt	Comhairle Chontae Longfoirt An Chomhairle Oidhreachta Cumann Staire Longfoirt
2.2	Cáipéisiú a dhéanamh ar áiteanna lena mbaineann tábhacht ó thaobh na miotaseolaíochta agus forbairt liosta áiteanna le cosaint faoi Phlean Forbartha an Chontae agus/nó i Staidéar ar Ghnéithe Tírdhreacha amach anseo	Cumann Staire Longfoirt Comhairle Chontae Longfoirt
2.3	Cur le tuiscint ar an tionchar a imríonn an talmhaíocht, na canálacha, aibhneacha, locha, portaigh agus na tionscail a ghabhann leo ar chruth agus ar chultúr an chontae	Comhairle Chontae Longfoirt Teagasc Uiscebhealaí Éireann Bord na Móna
2.4	Cur le tuiscint ar an tionchar a imríonn gach earnáil den tsochaí, an bhantracht agus an lucht siúil san áireamh, ar chruth agus ar chultúr an chontae	Uile
2.5	Cur le húsáid na Gaeilge trí chlár imeachtaí a eagrú i "Seachtain na nGaeilge"	Uile
2.6	Cáipéisiú a dhéanamh ar thraidisiún an cheoil agus an rince sa chontae	Acmhainní Pobail Longfoirt Teo. Comhairle Chontae Longfoirt
2.7	Cáipéisiú a dhéanamh ar ról spórt traidisiúnta, liathróid láimhe, mar shampla, sa chontae	Acmhainní Pobail Longfoirt Teo. Comhairle Chontae Longfoirt.
2.8	Seimineáir/tráthnóintí faisnéise a reáchtáil chun daoine i ngach earnáil den tsochaí a spreagadh mar rannpháirtithe i mbailiú agus i gcáipéisiú eolais a bhaineann le stair áitiúil	Comhairle Chontae Longfoirt Cumann Staire Longfoirt
2.9	Cur chun cinn na hathbheochana, maidir le haonaigh agus féiltí a bhaineann le traidisiún an chontae	Acmhainní Pobail Longfoirt Teo. Coiste Turasóireachta an Chontae Údarás Turasóireachta Lár Tíre (Thoir) Teoranta
2.10	Cur chun cinn stair liteartha an chontae	Comhairle Chontae Longfoirt Coiste Turasóireachta an Chontae Údarás Turasóireachta Lár Tíre (Thoir) Teoranta
2.11	Cáipéisiú a dhéanamh ar cheoltóirí agus ar ealaíontóirí a bhfuil baint acu leis an gcontae	Comhairle Chontae Longfoirt Coiste Turasóireachta an Chontae Comhaltas Ceoltoiri Eireann
2.12	Úsáid na Gaeilge ag eagraíochtaí poiblí agus ag lucht gnó a chur chun cinn	Uile
2.13	Rannpháirtíocht an phobail sa tSeachtain Oidhreachta a chur chun cinn, agus tacaíocht a chur ar fáil ina leith	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil
2.14	Tacú le Seirbhísí Cartlainne a fhorbairt don chontae	Comhairle Chontae Longfoirt An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil

Cuspóir 3: Clár um oideachas agus feasacht oidhreachta a fhorbairt

	GNÍOMHARTHA	PÁIRTITHE MOLTA
3.1	Oiliúint ar fheirmeoirí REP a neartú, maidir le hoidhreacht na seandálaíochta, agus gach gné den oidhreacht thógtha	Teagasc Eagraíochtaí Feirmeoireachta
3.2	Clár bliantúil imeachtaí a chur le chéile don tSeachtain Oidhreachta	Comhairle Chontae Longfoirt Acmhainní Pobail Longfoirt Teo. Cumann Staire Longfoirt
3.3	Clár *An Oidhreacht sna Scoileanna* an thiomsaigh INTO/An Chomhairle Oidhreachta a chur chun cinn	Comhairle Chontae Longfoirt
3.4	'Colún oidhreachta' a fhorbairt i nuachtáin áitiúla agus 'am oidhreachta' ar stáisiúin áitiúla raidió	Uile
3.5	Cainteanna, seimineáir agus taispeántais a reáchtáil go rialta, le béim ar cheisteanna oidhreachta, ar a n-áirítear cultúr agus béaloideas sainiúil Chontae Longfoirt	Uile
3.6	Ceardlanna a chur chun cinn agus a eagrú, maidir le ceardanna agus scileanna traidisiúnta	Comhairle Chontae Longfoirt
3.7	An Clár Glas sna scoileanna a neartú, agus féachaint lena leathnú chun go gcuimseodh sé ceisteanna oidhreachta	Comhairle Chontae Longfoirt
3.8	Cláracha agus comórtais a eagrú, a chuirfidh le tuiscint sna scoileanna, le béim ar an oidhreacht seo againne	Comhairle Chontae Longfoirt Acmhainní Pobail Longfoirt Teo.
3.9	Tacú le hathshlánú Chanáil Ríoga na hÉireann, agus, mar chuid de sin, nasc Bhaile Longfoirt atá as feidhm anois, agus eolas a scaipeadh maidir lena thábhacht agus lena chumas ó thaobh a fhorbartha amach anseo	Comhairle Chontae Longfoirt. OPW (Bord na nOibreacha Poiblí)

Cuspóir 4: Eolas oidhreachta a sholáthar do chách

	GNÍOMHARTHA	PÁIRTITHE MOLTA
4.1	A bhfuil de fhaisnéis agus de fhoinsí oidhreachta a chruinniú le chéile i mbunachar sorochtana sonraí	Comhairle Chontae Longfoirt
4.2	Suíomh idirlín a chruthú i gcomhair faisnéis oidhreachta	Comhairle Chontae Longfoirt
4.3	Suirbhé a chur i gcrích, maidir le foinsí sonraí staire, a chuimseoidh logainmneacha, ainmneacha gort, nósanna oibre feirme, srl.	Comhairle Chontae Longfoirt Cumann Staire Longfoirt Acmhainní Pobail Longfoirt Teo. Eagraíochtaí Feirmeoireachta
4.4	Faisnéis a bhailiú agus ábhar léirmhínithe a ullmhú ina mbeidh cur síos mion ar ról portach agus lochanna i sochaí agus i gcultúr an chontae	Comhairle Chontae Longfoirt Bord na Móna Acmhainní Pobail Longfoirt Teo. Uiscebhealaí Éireann
4.5	Tacú le hobair reatha um bailiú agus cáipéisiú bhéaloideas an chontae, agus fógraíocht a dhéanamh ina leith	Cumann Staire Longfoirt Comhairle Chontae Longfoirt
4.6	Creidiúintí agus pisreoga a bhaineann le háiteanna áitiúla a chruinniú agus a cháipéisiú	Comhairle Chontae Longfoirt Cumann Staire Longfoirt
4.7	Faisnéis faoi chúrsaí miotaseolaíochta a bhaineann le Longfort a chruinniú, ar a n-áirítear ábhar léirmhínithe/eolais/turasóireachta	Coiste Turasóireachta an Chontae Comhairle Chontae Longfoirt
4.8	Bunachar sonraí a chruthú, a chuimseoidh ceardaithe agus daoine le scileanna traidisiúnta sa chontae	Acmhainní Pobail Longfoirt Teo. Coiste Turasóireachta an Chontae
4.9	Eolas a chur ar fáil do shealbhóirí talún, maidir le cúram agus le cothabháil na hoidhreachta	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil Comhairle Chontae Longfoirt An Chomhairle Oidhreachta
4.10	Faisnéis oidhreachta a chur ar fáil do choistí bailte slachtmhara	Comhairle Chontae Longfoirt Coiste Turasóireachta an Chontae

4.11	Feabhas a chur ar chomharthaíocht agus ar léirmhínithe ag suímh thábhachta oidhreachta sa chontae	Comhairle Chontae Longfoirt An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil Uiscebhealaí Éireann Bord Iascaigh Réigiún na Sionainne
4.12	Léarscáil(eanna) oidhreachta a chruthú ina léireofar rochtain phoiblí ar shuímh inspéise	Comhairle Chontae Longfoirt Acmhainní Pobail Longfoirt Teo.
4.13	Tacú le Leabharlann an Chontae, maidir le soláláthar leanúnach a seirbhíse um staidéir áitiúla	Uile
4.14	Tacú le hathfhoilsiú leabhar a bhaineann le Contae Longfoirt, atá as cló anois	Comhairle Chontae Longfoirt Cumann Staire Longfoirt
4.15	Gearrstair Chontae Longfoirt a thiomsú agus a fhoilsiú	Uile
4.16	Measúnú oidhreachta a dhéanamh ar na pleananna forbartha ar fad a bhaineann le Contae Longfoirt	Comhairle Chontae Longfoirt An Chomhairle Oidhreachta
4.17	Féachaint chuige go dtugtar aird iomchuí sna Pleananna Áitiúla Ceantar ar fad ar cheisteanna a um an oidhreacht áitiúil agus go mbíonn muintir na háite lán-rannpháirteach i bhfoirmliú agus i bhforbairt polasaithe a bhaineann le ceisteanna agus le cúram oidhreachta i ndéanamh na bpleananna sin	Comhairle Chontae Longfoirt

Cuspóir 5: An oidhreacht nádúrtha a chosaint agus a fheabhsú

	GNÍOMHARTHA	PÁIRTITHE MOLTA
5.1	Plean Áitiúil Bithéagsúlachta a ullmhú, mar atá leagtha síos faoin bPlean Náisiúnta Bithéagsúlachta	Comhairle Chontae Longfoirt An Chomhairle Oidhreachta An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil
5.2	"Staidéir Bealaí" a chur ar bun, maidir le haibhneacha agus le canálacha, a bhainfidh le bainistiú na mbealaí sin agus le húsáid na talún a ghabann leo	An Chomhairle Oidhreachta Comhairle Chontae Longfoirt Uiscebhealaí Éireann Bord Iascaigh Réigiún na Sionainne
5.3	Daoine a spreagadh chun an Scéim *Neighbourwood* agus Coillte Dúchais a úsáid chun feabhas a chur ar na coillte atá ann, agus cinn úra a chur	An tSeirbhís Foraoise
5.4	Seimineáir agus ceardlanna praiticiúla oiliúna a reáchtáil do lucht foirne Chomhairle Chontae Longfoirt, do chonarthóirí, do shealbhóirí talún, do choistí bailte slachtmhara agus don phobal i gcoitinne, maidir le fálta sceach a bhainistiú	Comhairle Chontae Longfoirt An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil Teagasc
5.5	Tionscadail a bhaineann le fiabhláthanna a phíolótú ar thailte na Comhairle Contae. Coistí bailte slachtmhara a spreagadh le bheith rannpháirteach sna tionscadail	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil Comhairle Chontae Longfoirt
5.6	Struchtúr páirtíochta chun gréasán bealaí coisíochta agus bealaí glasa a fhorbairt agus a chothabháil, agus chun fógraíocht a dhéanamh ina dtaobh	Comhairle Chontae Longfoirt An Chomhairle Oidhreachta County Tourism Committee Údarás Turasóireachta Lár Tíre (Thoir) Teoranta Uiscebhealaí Éireann
5.7	Suíomh agus fairsinge portach, eanach agus tailte bearrtha ar fud an chontae a bhreacadh, agus tograí a bhaineann le polasaí a fhorbairt, maidir le bainistiú ar chaomhnú agus ar úsáid na n-acmhainní amach anseo	Bord na Móna An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil Comhairle Chontae Longfoirt Teagasc Eagraíochtaí Feirmeoireachta
5.8	Treoirlínte, mar mhaithe le forbróirí, do lucht foirne Chomhairle Chontae Longfoirt agus don phobal i gcoitinne, maidir le caomhú na bithéagsúlachta a shníomh isteach sa phróiseas forbartha	Comhairle Chontae Longfoirt An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil
5.9	Cabhrú le measúnú ar thréithiúlacht an tírdhreacha i gcomhair an chontae	Comhairle Chontae Longfoirt An Chomhairle Oidhreachta
5.10	Méar a leagadh ar shuímh arbh fhéidir rochtain ag an bpobal ar uiscebhealaí sa chontae a leathnú iontu, agus	Uiscebhealaí Éireann Bord Iascaigh Réigiún na

	féachaint le rochtain a chur ar fáil sna háiteanna sin	Sionainne Comhairle Chontae Longfoirt An Chomhairle Oidhreachta Eagraíochtaí Feirmeoireachta
5.11	Straitéis Thráscach Foraoiseoireachta don chontae	An tSeirbhís Foraoise Comhairle Chontae Longfoirt
5.12	Tionscadal a phíolótú, maidir le bogaigh chun an t-uisce a fheabsú agus gnáthóga fiadhúlra a chruthú	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil Comhairle Chontae Longfoirt Bord Iascaigh Réigiún na Sionainne
5.13	Tacú le rannpháirtíocht an phobail i Seachtain Náisiúnta na gCrann	Comhairle Crann na hÉireann Comhairle Chontae Longfoirt
5.14	Oifigeach teagmhála i gComhairle Chontae Longfoirt a ainmniú do chúrsaí a bhaineann le caomhnú na hoidhreachta	Comhairle Chontae Longfoirt.
5.15	Tacú le hullmhú agus le cur i bhfeidhm Plean chun Abhanntrach Sionainne a Chur i bhFeidhm, agus cabhrú le cur i bhfeidhm iomlán poiblí sa phróiseas	Uile
5.16	Tacú le hullmhú agus le cur i bhfeidhm pleananna do shuímh ainmnithe nádúir, i gcomhairle le sealbhóirí talún agus le lucht leasmhara eile	Uile
5.17	Eolas agus tuiscint a scaipeadh mar gheall ar ialtóga, mar aon le comhairle mar gheall ar an gcleachtas is fearr lena gcaomhnú agus a mbainistiú	Grúpa Caomhnaithe Ialtóg An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil

Ráiteas Straitéise

Dírítear sa chuid seo ar conas a sheachadófar an plean. Plean é a bhaineann leis an tír ar fad agus a bhfuil an iliomad páirtithe freagrach as a chur i bhfeidhm. Tá an Chomhairle Chontae i measc na bpríomhpháirtithe agus is é an tOifigeach Oidhreachta a a bheidh ag gníomhú, i mórán cásanna, mar chomhordaitheoir tionscadal. Ar an ábhar sin, is gá Oifigeach lánaimseartha Oidhreachta a cheapadh chun an Plean a chur i bhfeidhm. Is gá a aithint, chomh maith, go mbeidh roinnt mhaith solúbthachta riachtanach, maidir lena chur i bhfeidhm, agus an struchtúr ag teacht in inmhe.

Tréimhse Ama
Leagfar clár mionsonraithe oibre amach gach bliain, bunaithe ar na gníomhaíochtaí sa Phlean seo, ina mbeidh na tionscadail a mholtar i gcomhar na bliana, na páirtithe, an tréimhse ama agus ainm na heagraíochta atá freagrach as a sheachadadh. Beidh sé sin ag brath ar mhéid an bhuiséid a bheidh ar fáil gach bliain. Is é an Fóram Oidhreachta a mholfaidh an clár oibre, agus caithfear comhaontú gach páirtí a fháil ina leith.

Cúrsaí Airgeadais
Déanfaidh an Chomhairle Oidhreachta na gníomhartha ar fad sa Phlean a bhaineann le hairgeadú a mheas, de réir na ngnáthchritéar um airgeadú, ag teacht lena cuspóirí.

Tá gealltanas tugtha ag Comhairle Chontae Longfoirt, i bpáirt le daoine eile, seachadadh a dhéanamh ar na gníomhartha sa Phlean Oidhreachta seo sna 5 bliain seo romhainn. Leanfaidh Comhairle Chontae Longfoirt dá tacaíocht, chomh maith, do sheachadadh na ngníomhartha sa Phlean trín obair a dhéanfaidh a hOifigeach Oidhreachta agus baill ghairmiúla eile a foirne.

Páirtithe
Is iad na páirtithe molta a luaitear faoi láthair, i mbeagnach gach aon chás, eagraíochtaí a bhfuil ionadaithe acu ar an bhFóram Oidhreachta. De réir mar a thiocfar ar aontú maidir le clár gach bliana, gheofar gealltanais ó pháirtithe a bhaineann le hábhar a mbeidh eagraíochtaí nach bhfuil ar an bhFóram Oidhreachta ina measc. Coinneofar den teagmháil leanúnach le heagraíochtaí a bhaineann le hábhar, maidir le rannpháirtíocht a ghlacadh sna gníomhartha. Beidh béim ar an bpáirtí ceannais, a bheidh freagrach as tionscadal a chur i gcrích, i gcás gach tionscadail in am trátha.

Monatóireacht agus Measúnú
Tá sraith gníomhartha leagtha síos i bPlean Oidhreachta Chontae Longfoirt don tréimhse 5 bliain seo. Beidh mionsonraí na dtionscadal ar ar aontaíodh i measc na bpáirtithe le léamh sa chlár bliantúil do gach bliain, faoi seach. Is é an Fóram Oidhreachta a bheidh ag déanamh monatóireachta ar an bPlean Oidhreachta agus ar chlár oibre na bliana, agus a dhéanfaidh measúnú agus tuairisciú bliantúil ar an dul chun cinn.

AGUISÍN 1

Próiseas an Phlean Oidhreachta

Rinne an Fóram Oidhreachta an Plean Oidhreachta a fhorbairt trí próiseas páirtíochta lenar bhain comhairliúchán leathan poiblí. Mar bhonn leis an bpróiseas bhí dréacht de threoir ón gComhairle Oidhreachta, maidir le Pleananna Áitiúla Oidhreachta a ullmhú (*A Methodology for Longford County Council Heritage Officers on the Preparation of County/City Heritage Plans*).

Meán Fómhair 2002	An chéad chruinniú den Fhóram Oidhreachta. Chuir an Fóram méar ar cheisteanna agus ar chúraim a bhaineann le cúrsaí oidhreachta, rinne aidhm an phlean oidhreachta a shainmhíniú agus tháinig ar aontú faoi conas dul i mbun an phróisis
Meán Fómhair - Mí na Samhna 2002	Tús curtha le próiseas an chomhairliúcháin phoiblí inar cuireadh cuireadh amach trí nuachtáin agus stáisiúin áitiúla raidió, maidir le smaointe agus le moltaí a fháil ó bhaill den phobal Cuireadh iad seo ar an eolas faoin bpróiseas chomhairliúcháin, agus tugadh cuireadh dóibh freagairt: Comhaltaí tofa Chomhairle Chontae Longfoirt, Scoileanna, Eaglaisí, Ranna Rialtais & Gníomhaireachtaí Stáit, Gníomhaireachtaí Áitiúla, Grúpaí & Eagraíochtaí Áitiúla Oidhreachta, Grúpaí & Eagraíochtaí Pobail agus Deonacha, Eagraíochtaí Ionadaíocha, NGOanna (eagraíochtaí neamhrialtasacha).
Mí na Samhna 2002	An dara cruinniú den Fhóram Oidhreachta chun freagraí ag eascairt as an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí a mheas Grúpaí Oibre arna mbunú faoi thrí theideal: An Oidhreacht Thógtha, An Oidhreacht Nádúrtha agus an Oidhreacht Chultúrtha, chun aighneachtaí a scrúdú agus chun cuspóirí agus gníomhartha a dhréachtadh
Eanáir 2003	Bhí dhá chruinniú nó trí ag gach Grúpa Oibre, faoi seach, chun athbhreithniú a dhéanamh ar aighneachtaí agus chun dréachtchuspóirí agus dréachtghníomhartha a fhoirmliú
Feabhra 2003	An tríú cruinniú den Fhóram Oidhreachta. Tuairiscí ó na Grúpaí Oibre arna measúnú. Aontaíodh ar na tuairiscí ó na Grúpaí éagsúla Oibre a chur le chéile chun dréachtchuspóirí agus dréachtghníomhartha i gcomhair an Phlean Oidhreachta a chruthú
Márta – Aibreán 2003	An ceathrú agus an cúigiú cruinniú den Fhóram Oidhreachta. Dréacht-Chuspóirí agus Dréacht-Ghíomhartha arna meas ag baill an Fhóraim agus iad tagtha ar aontú ina leith. Socraíodh go gcuirfeadh an tOifigeach Oidhreachta Dréacht den Phlean Oidhreachta faoi bhráid an Fhóram ag cruinniú i Mí na Bealtaine 2003
Mí na Bealtaine 2003	Dréacht-Phlean Oidhreachta arna aontú ag an bhFóram Oidhreachta

Mí na Bealtaine – Meitheamh 2003	Comhairliúchán Poiblí i dtaobh an Dréacht-Phlean Oidhreachta
Deireadh Fómhair 2003	Ghlac an Fóram Oidhreachta le leasuithe ar an Dréacht-Phlean Oidhreachta
Mí na Nollag 2003	Ghlac Comhairle Chontae Longfoirt leis an bPlean Oidhreachta

AGUISÍN 2

Comhaltaí den Fhóram Oidhreachta 2002-2003

Earnáil	Eagraíocht	Ainm agus Sloinne
Rialtas Áitiúil	Comhalta, Comhairle Chontae Longfoirt	An Comhairleoir Alan Mitchell (Cathaoirleach)
	Comhalta, Comhairle Chontae Longfoirt	An Seanadóir James Bannon
	Comhalta, Comhairle Chontae Longfoirt	An Comhairleoir Sean Lynch
	Comhalta, Comhairle Baile Longfoirt	An Comhairleoir Peggy Nolan
	Comhalta, Comhairle Baile Ghránaird	An Comhairleoir Eddie Kelly*
	Oifigeach, Comhairle Chontae Longfoirt	Dónall Uas. Mac An Bheatha/ Aoife Uas. Moore
Gníomhaireachtaí Rialtais	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil (Páirceanna Náisiúnta agus an tSeirbhís Fiadhúlra)	Susan Uas. Moles
	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil (Séadchomhartha Náisiúnta agus Áitribh Stairiúla)	Paddy Uas. O' Donovan*
	An tSeirbhís Foraoise, An Roinn Cumarsáide, Mara & Acmhainní Nádúrtha	Eddie Uas. Healy
	Teagasc, An Roinn Talmhaíochta agus Bia	Des Uas. Keegan
	Bord Iascaigh Réigiún na Sionainne	Dermot Uas. Broughan
	Údarás Turasóireachta Lár Tíre (Thoir) Teoranta	Marie Uas. McCormack
	Uiscebhealaí Éireann	Michael Uas. Bane
	Bord na Móna	Mr. Tom Uas. Egan
Grúpaí Pobail/Oidhreachta	Ceapacháin Aontaithe/Tofa	Annie Uas. McKenna John Uas. Farrell
Cumann Staire Longfoirt	Comhcheaptha ag an bhFóram	Michael Uas. Ward*
Forbairt Áitiúil & Gnó Áitiúil	Acmhainní Pobail Longfoirt Teo.	Mary Uas. Glass
	Cumann Lucht Tráchtála	Fergus Uas. Reynolds
	Coiste Turasóireachta an Chontae	Paddy Uas. Egan

Earnáil na Feirmeoireachta	Ceapacháin Aontaithe	Tom Uas. Fagan Victor Uas. Ryder

* Tháinig an Comhairleoir Kelly i gcomharbacht ar an gComhairleoir Edward Molloy mar ionadaí ag Comhairle Baile Ghránaird in Eanáir 2003; d'ainmnigh An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil Paddy Uas. O'Donovan mar chomharba ar Sarah Uas. Connor in Eanáir 2003; tar éis cuireadh a fháil ón bhFóram, d'ainmnigh Cumann Staire Longfoirt Michael Uas. Ward chun an Fhóraim in Eanáir 2003.

AGUISÍN 3

Comhaltaí den Fhóram Oidhreachta 2005

Earnáil	Eagraíocht	Ainm agus Sloinne
Rialtas Áitiúil	Comhalta, Comhairle Chontae Longfoirt	An Comhairleoir Alan Mitchell (Cathaoirleach)
	Comhalta, Comhairle Chontae Longfoirt	An Comhairleoir Sean Farrell
	Comhalta, Comhairle Chontae Longfoirt	An Comhairleoir Denis Glennon
	Comhalta, Comhairle Baile Longfoirt	An Comhairleoir Peggy Nolan
	Comhalta, Comhairle Baile Ghránaird	An Comhairleoir Sean Howard
	Oifigeach, Comhairle Chontae Longfoirt	Dónall Uas. Mac An Bheatha/ Aoife Uas. Moore
Gníomhaireachtaí Rialtais	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil (Páirceanna Náisiúnta agus an tSeirbhís Fiadhúlra)	Susan Uas. Moles
	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil (Séadchomhartha Náisiúnta agus Áitribh Stairiúla)	Paddy Uas. O' Donovan
	An tSeirbhís Foraoise, An Roinn Cumarsáide, Mara & Acmhainní Nádúrtha	Eddie Uas. Healy
	Teagasc, An Roinn Talmhaíochta agus Bia	Ciaran Uas. Beatty
	Bord Iascaigh Réigiún na Sionainne	Fergus Uas. Lynch
	Údarás Turasóireachta Lár Tíre (Thoir) Teoranta	Marie Uas. McCormack
	Uiscebhealaí Éireann	Jean Uas. Errity
	Bord na Móna	Mr. Tom Uas. Egan
Fóram Pobail agus Deonach	Comhaltaí tofa	John Uas. Doherty
		Peggy Uas. Baxter
Cumann Staire Longfoirt	Comhcheaptha ag an bhFóram	James Uas. MacNerney

Forbairt Áitiúil & Gnó Áitiúil	Acmhainní Pobail Longfoirt Teo.	Noel Uas. Feely
	Cumann Lucht Tráchtála	Michael Uas. Keenan
	Coiste Turasóireachta an Chontae	Paddy Uas. Egan
Earnáil na Feirmeoireachta	Ceapacháin Aontaithe	Tom Uas. Fagan Victor Uas. Ryder
Earnáil an oideachais	Ionadaí, ASTI/INTO/TUI	Patrick Uas. O'Doherty

AGUISÍN 4

COMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ
MEÁN FÓMHAIR – MÍ NA SAMHNA 2002

FUARTHAS AIGHNEACHTAÍ Ó NA DAOINE AGUS NA hEAGRAÍOCHTAÍ SEO A LEANAS:

Daoine

Barden, An tAth. Tom
Barden, Mary
Dawson, Philip
Dawson, Sylvia
Farrell, Lucius J.
Lynch, An Comhairleoir Sean
MacGabhain, Martin
McGerr, John and Anne
MacNerney, James P.
Skelly, Anne
Walshe, Noleen

Gníomhaireachtaí Rialtais agus Stáit

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (Helen Francis)
An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (Yvonne Doolan)
Bord Gáis Éireann (Gerry Geoghegan)
Bord Soláthair an Leictreachais (Brendan Delany)
Coillte (Pat Brady)
Fiontraíocht Éireann (Simon Cavanagh)
Iarnród Eireann (Gregg Ryan)
Suirbhé Geolaíoch na hÉireann (Matthew A. Parkes)
Teagasc (Des Keegan)
Údarás Turasóireachta Lár Tíre (Thoir) Teoranta (Marie McCormack)
Uiscebhealaí Éireann (John Martin)

Grúpaí agus Eagraíochtaí Pobail

Acmhainní Pobail Longfoirt Teo. (Mary Glass)
Ardagh Hill Walking Group (Brendan Farrell)
Clondra Village Concerned Residents (Anne Skelly)
Comhairle Pharóiste Mhainistir Leathrátha (Mary O'Reilly-Smith)
Farrell Clan, (John Farrell)
Longford Roots (Jude Flynn)
Lough Ree Rowing Club (Nini Stevenson)
Comharchumann an Leasa Bhric (Lucius J. Farrell)
Paróiste Charraig Éamoinn (Fr. Peter Tiernan, P.P.)

Royal Canal Amenity Group (Michael Greally)
Temperance Hall Committee (Arthur Cumiskey)

NGOanna (Eagraíochtaí Neamhrialtasacha)

An Taisce (Ian Lumley)
Comhairle Chaomhnaithe Phortaigh na hÉireann (Noreen McLoughlin)
Cumann Sábhála Síolta na hÉireann (Vivien Linehan)
Environmental Sciences Association of Ireland (Jim Wilson)
Grúpa Caomhnaithe Ialtóg (Craobh an Chabháin/na Mí) (Donna Mullen)
Iontaobhas Mianadóireachta na hÉireann (Matthew A. Parkes)

Eaglaisí

Easpag Ardachaidh agus Chluain Mhic Nóis (An tEaspach Colm O'Reilly)

Eagraíochtaí Ionadaíocha

Cumann Feirmeoirí na hÉireann - Coiste Feidhmiúcháin Chontae Longfoirt (Thomas Fagan)
Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann (Victor Ryder)

COMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ
MÍ NA BEALTAINE – MEITHEAMH 2003

DAOINE AGUS EAGRAÍOCHTAÍ ÓNA BHFUARTHAS AIGHNEACHTAÍ:

Daoine

Lynch, An Clr. Brian
Ní Mhurchú, Yvonne
Skelly, Anne
Walshe, Noeleen

Gníomhaireachtaí Rialtais agus Stáit

Bord Gáis Éireann (Gerry Geoghegan)
An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (Helen Francis)
An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (Mairead O Boyle)
Údarás Turasóireachta Lár Tíre (Thoir) Teoranta (Marie McCormack)
Cartlannaí Chomhairle Chontae Longfoirt (Martin Morris)
An tÚdarás Náisiúnta um Bóithre (Amy O'Shaughnessy)
Uiscebhealaí Éireann (John Martin)

Grúpaí agus Eagraíochtaí Pobail

Cumann Treabhdóireachta Chontae Longfoirt (Evelyn McLoughlin)

Acmhainní Pobail Longfoirt Teo. (Monica O'Malley)

NGOanna (Eagraíochtaí Neamhrialtasacha)

An Taisce (Ian Lumley)
Grúpa Caomhnaithe Ialtóg (Craobh an Chabháin/na Mí) (Donna Mullen)
Cairde Chomhshaol na hÉireann (John Hester)
Cumann Seoirseach na hÉireann (Donough Cahill)
Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann Trust (Caren LeVine)
Comhairle Crann na hÉireann (John McLoughlin)

Eagraíochtaí Ionadaíocha

Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta (Ray Gilboy)

AGUISÍN 5

Reachtaíocht Oidhreachta A Bhaineann Le hÁbhar

An Oidhreacht Thógtha
Achtanna um Shéadchomharthaí Náisiúnta 1930 - 1994
An tAcht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997
Acht na hOidhreachta Ailtireachta (Fardal Náisiúnta) agus na Séadchomharthaí Náisiúnta (Forálacha Ilghnéitheacha), 1999
An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000

Oidhreacht Náisiúnta agus Uiscebhealaí
An tAcht um Fhiadhúlra, 1976
An tAcht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000
Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Gnáthóga Nádúrtha), 1997
An Treoir um Éanlaith (Treoir Chomhairle 79/409/EEC), 1979
An Treoir um Ghnáthóga (Treoir Chomhairle 92/43/EEC), 1992
An Treoir um Chreat Uisce (Treoir Chomhairle 2000/60/EC), 2000

Iarsmalanna agus Cartlanna
An tAcht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997
Achtanna Rialtais Áitiúil 1994 agus 2001

Tírdhreacha, Gáirdíní Oidhreachta agus Páirceanna Oidhreachta
An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000

Oidhreacht agus Pleanáil
An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000
An tAcht Oidhreachta, 1995
Environm Measúnacht ar Thionchar Timpeallachta (Treoir Chomhairle 85/337/EEC, mar a leasaíodh)
Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (Treoir Chomhairle 2001/42/EC)

Coinbhinsiúin Idirnáisiúnta agus Comhaontuithe Idirnáisiúnta a shínigh agus a dhaingnigh Éire

- Coinbhinsiún UNESCO um Chosaint Oidhreacht Chultúrtha agus Oidhreacht Nádúrtha an Domhain (arna dhaingniú 1992).

- An Coinbhinsiún Eorpach um Chosaint na hOidhreacht Ailtireachta (Coinbhinsiún Valletta), 1997

- An Coinbhinsiún Eorpach um Chosaint Oidhreacht Ailtireachta na hEorpa (Coinbhinsiún Granada), 1997

- An Coinbhinsiún um Chaomhnú Fhiadhúlra agus Ghnáthóga Nádúrtha na hEorpa (Coinbhinsiún Berne), 1979 (arna dhaingniú, 1982)

- An Coinbhinsiún um Chaomhnú Speiceas Imirceacha Fia-ainmnithe (Coinbhinsiún Bonn), 1979 (arna dhaingniú, 1983)

- An Comhaontú um Chaoimhnú Ialtóg san Eoraip (Coinbhinsiún Bonn), 1993 (arna dhaingniú, 1995)

- An Coinbhinsiún um Bogaigh le Tábhacht Idirnáisiúnta (Coinbhinsiún Ramsar), 1971 (arna dhaingniú, 1984)

- An Coinbhinsiún um Éagsúlacht Bhitheolaíoch, 1992 (arna dhaingniú, 1996)

- An Coinbhinsiún um Thrádáil Idirnáisiúnta Speiceas i mBaol (CITES), 1974

- Comhaontú um Chaomhnú Éanlaithe Uisce Imirceacha Eor-Áisí (AEWA) (Coinbhinsiún Bonn), 1996

- Coinbhinsiún na hEorpa um Thírdhreacha, 2000, (arna dhaingniú, 2002)